C/2026/3101

4.6.2026

Fógra achomair de bhun Airteagal 10(3)(d) de Rialachán (AE) 2022/2560 maidir le grinn-imscrúdú a thionscnamh i gcás FS.100253 — JD.COM / CECONOMY

(C/2026/3101)

An 28 Bealtaine 2026, i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) (an 'Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha' nó 'FSR'), chinn an Coimisiún grinn-imscrúdú a thionscnamh sa chás thuasluaite tar éis dó teacht ar thásca leordhóthanacha, bunaithe ar réamh-athbhreithniú, gur deonaíodh fóirdheontas eachtrach lena saobhtar an margadh inmheánach do cheann amháin ar a laghad de na páirtithe sa chomhchruinniú ar tugadh fógra ina leith agus a dtugtar tuairisc air thíos. Tionscnamh an ghrinn-imscrúdaithe maidir leis an gcomhchruinniú ar tugadh fógra ina leith, tá sé gan dochar don chinneadh críochnaitheach sa chás seo.

1. Comhchruinniú ar tugadh fógra ina leith

An 17 Aibreán 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 21 FSR trína bhfaigheann JINGDONG HOLDING GERMANY GmbH ('JHG', faoi rialú JD.com, Inc. ('JD.com')) rialú aonair ar CECONOMY AG ('CECONOMY' nó an 'Sprioc-chuideachta' agus, in éineacht le JHG, na 'Páirtithe') (an 'tIdirbheart') ina iomláine de réir bhrí Airteagal 20(1), pointe (b) FSR.

Seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na bpáirtithe sa chomhchruinniú ar tugadh fógra ina leith:

— Is fochuideachta ar lánúinéireacht indíreach JD.com é JHG agus is cuid de ghrúpa é atá faoi rialú deiridh Richard Qiangdong Liu ('JD Group'). Is iad príomhoibríochtaí JD Group gnó miondíola agus ardán margaidh ríomhthráchtála, go príomha i nDaon-Phoblacht na Síne ('an tSín'). Sa bhreis air sin, soláthraíonn JD Group seirbhísí teicneolaíochta, airgeadais agus lóistíochta. San Aontas, cuimsíonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha JD Group gnó miondíola, faoin mbranda 'Joybuy' den chuid is mó, chomh maith le seirbhísí lóistíochta agus trádstórála.

— Is miondíoltóir earraí tomhaltais agus fearas tí é CECONOMY. Soláthraíonn CECONOMY seirbhísí comhlántacha freisin agus oibríonn sé ardán margaidh ríomhthráchtála.

2. Tásca maidir le fóirdheontais eachtracha a bheith ann

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, measann sé go bhfuil tásca leordhóthanacha ann go bhféadfadh sé go bhfuair JD Group na fóirdheontais eachtracha seo a leanas, deonaithe ag an tSín laistigh de na 3 bliana sular fógraíodh an tairiscint táthcheangail phoiblí, de réir bhrí Airteagal 3 FSR maidir le Fóirdheontais Eachtracha:

— Deonaíodh maoiniú i bhfoirm ionstraimí fiachais d'eintitis JD Group ó institiúidí airgeadais ar féidir a ngníomhaíochtaí a chur i leith na Síne, agus ar deonaíodh iad ag rátaí fabhracha nach bhfaigheadh JD Group faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh.

— Beart cánachais a dheonaigh an tSín d'eintitis JD Group a d'fhéadfadh a bheith teoranta do ghnóthais áirithe bunaithe ar a rialacha incháilitheachta agus a d'fhéadfadh buntáiste a thabhairt do JD Group i bhfoirm ioncam a bheadh dlite ar shlí eile.

— Deontais a dheonaigh an tSín d'eintitis JD Group a d'fhéadfadh a bheith teoranta do ghnóthais áirithe toisc gur cosúil go bhfuil siad bunaithe ar scéimeanna a bhfuil incháilitheacht theoranta acu nó gur cosúil go bhfuil a ndeonú bunaithe ar dhiscréid na n-údarás sa tSín.

— Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha eile a bhféadfaí a cháiliú mar fhóirdheontais eachtracha do JD Group, a ndéanfaidh an Coimisiún tuilleadh imscrúdaithe orthu le linn an ghrinn-imscrúdaithe.

([1]) Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 330, 23.12.2022, lch. 1).

3. **Tásca maidir le saobhadh sa mhargadh inmheánach**

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, measann sé go bhfuil tásca leordhóthanacha ann go bhféadfadh na fóirdheontais eachtracha a réamh-shainaithnítear i Roinn 2 feabhas a chur ar staid iomaíoch na bPáirtithe sa mhargadh inmheánach agus, ar an gcaoi sin, difear diúltach iarbhír nó féideartha a dhéanamh don iomaíocht sa mhargadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 4 FSR, mar a leanas.

Saobhadh sa phróiseas éadála

D'fhéadfadh sé go bhfeabhsódh na fóirdheontais fhéideartha eachtracha staid iomaíoch JD Group sa phróiseas éadála ós rud é go bhféadfadh siad:

— acmhainní a scaoileadh do mhaoiniú féideartha an Idirbhirt;

— cabhrú chun tacaíocht bhainisteoirí agus phríomh-scairshealbhóirí na Sprioc-chuideachta a dhaingniú i ndáil leis an Idirbheart trí phréimh ard agus rochtain ar chumais fhéideartha lóistíochta agus teicneolaíocht JD Group a d'fhéadfadh a bheith fóirdheonaithe a thairiscint dóibh.

D'fhéadfadh na fóirdheontais fhéideartha eachtracha dinimic na caibidlíochta a athrú agus gníomhairí eacnamaíocha eile a dhíspreagadh ó thairiscintí iomaíocha a dhéanamh chun an Sprioc-chuideachta a fháil.

San imscrúdú domhain a dhéanfaidh an Coimisiún, déanfar imscrúdú breise i dtaobh, *inter alia*, an bhféadfadh sé gur éascaigh na fóirdheontais eachtracha ó JD Group an tairiscint uaidh de théarmaí níos tarraingtí don éadáil ná na téarmaí a bheadh i réim i ngnáth-chomhthéacs an mhargaidh agus, tríd an méid sin, ar imir sé tionchar diúltach ar iomaíochas, trí iomaitheoirí féideartha a dhíspreagadh ó iarracht a dhéanamh an Sprioc-chuideachta a fháil, mar shampla.

Saobhadh i ngníomhaíochtaí an eintitis chumaiscthe tar éis an Idirbhirt

D'fhéadfadh sé gur scaoil na fóirdheontais fhéideartha eachtracha acmhainní airgeadais agus gur neartaigh siad forbairt chumais lóistíochta agus theicneolaíocha JD Group, rud a d'fhéadfaí a threorú agus a chomhtháthú in oibríochtaí an eintitis chomhcheangailte, agus b'fhéidir gur chuir sé ar a chumas dó tabhairt faoi straitéisí gnó a shaothrú a dhéanfadh dochar do ghníomhaithe eacnamaíocha eile.

Sa ghrinn-imscrúdú, leanfaidh an Coimisiún de mheasúnú a dhéanamh, *inter alia*, i dtaobh an gcuirfidh na fóirdheontais fhéideartha eachtracha sa chomhchruinniú ar a chumas don eintiteas comhcheangailte straitéisí a ghlacadh a mbeadh tionchar acu ar dhálaí iomaíocha sa mhargadh inmheánach agus a mhéid a chuirfidh siad ar a chumas déanamh amhlaidh.

4. **Conclúidí**

Ar na cúiseanna a luaitear thuas agus ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, measann sé go bhfuil tásca leordhóthanacha ann gur deonaíodh fóirdheontais eachtracha do JD Group, fóirdheontais a d'fhéadfadh an margadh inmheánach a shaobhadh mar a léirítear i Ranna 2 agus 3 faoi seach. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún grinn-imscrúdú a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 10(3) FSR.

5. **Cuireadh chun barúlacha a chur isteach**

I gcomhréir le hAirteagail 10(3)(d) agus 40(1) FSR agus le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2023/1441 (an 'Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Fóirdheontais Eachtracha') ([2]) iarrann an Coimisiún ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach, ar na Ballstáit agus ar an tríú tír a dheonaigh na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear i Roinn 2, a mbarúlacha a chur isteach. I gcomhréir le hAirteagal 8(3), i gcás ina mbeidh faisnéis rúnda sna barúlacha i scríbhinn a cuireadh isteach, soláthróidh an duine a bhfuil aighneacht á cur isteach aige leagan neamhrúnda den aighneacht an tráth céanna leis an leagan rúnda.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2023 maidir le socruithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 177, 12.7.2023, lch. 1).

I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh soláthraithe barúlacha a iarraidh nach nochtfar a gcéannacht. Deonófar anaithnideacht ar bhonn cúis mhaith fhollasach a léirítear san iarraidh.

Chun go gcuirfear barúlacha san áireamh go hiomlán mar chuid den nós imeachta, ba cheart na barúlacha sin a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis dháta foilsithe an fhógra achomair san Iris Oifigiúil. Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún trí ríomhphost chuig COMP-FSR-REGISTRY@ec.europa.eu, agus an tagairt FS.100253 — JD.COM / CECONOMY leis.